Ceann de na ceanglais sa Sainordú is ea go nglacadh scoileanna le Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta. Tá grúpa oibre bunaithe ag an Roinn chun teimpléid agus treoirlínte a fhorbairt chun tacú le scoileanna maidir le glacadh leis an ráiteas. Seolfar na sonraí chuig scoileanna agus foilseofar iad ar leathanach gréasáin OFI agus i Nuachtlitr OFI in am trátha. Is eol dúinn go bhfuil obair den scoth á déanamh ag mórán scoileanna ar fud na tíre i réimse OFI agus Inbhuanaitheacht. Is é atá mar chuspóir ag an teimpléad agus ag na treoirlínte ná cúnaimh a thabhairt do scoileanna chun gníomhartha atá á ndéanamh acu cheana féin a shainaitheint agus a chur in iúl i Ráiteas Beartais Inbhuanaithe ar bhealach atá chomh héasca agus chomh simplí agus is féidir.

---



# ESD to 2030

## **3. Maoiniú OFI go dtí 2030 – Glaoch ar Dheontas d'Eagraíochtaí**

### **OFI go dtí 2030 – Glaoch ar Mhaoiniú d'Eagraíochtaí ag tacú le OFI go dtí 2030**

Tá cuireadh á thabhairt ag an Roinn d'eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do OFI go dtí 2030 – do thionscadail agus do chlár a thacaíonn le feidhmiú OFI go dtí 2030. Tá tuilleadh sonraí agus an fhoirm iarratais ar fáil anseo: [gov.ie](http://gov.ie) - [An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn \(www.gov.ie\)](http://gov.ie)

Fógrófar glaoch ar mhaoiniú do scoileanna sa chéad eagrán eile den nuachtlitir i mí Mheán Fómhair 2023.



## **4. Maoiniú Taighde - Boinn Nua IRC 2023**

Cuireann Boinn Nua na Comhairle um Thaighde in Éirinn go mór le cur chun cinn na dtosaíochtaí straitéiseacha mar go gcumasaíonn siad dámhachtaithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taighde, líonraithe nó scaipthe laistigh de na disciplíní éagsúla agus ar fud na ndisciplíní sin. Cuireann an scéim tacaíocht ar fáil:

- do ghníomhaíochtaí taighde;
- d'fhorbairt líonraí agus cuibhreannas;
- do chomhdháil;
- d'fhorbairt ceardlann
- d'fhorbairt acmhainne le haghaidh comhoibriú idirdhisciplíneach.

Snáithe 4b: Oideachas don tSaoránacht Dhomhanda agus Gradaim na mBonn Nua don Fhorbairt Inbhuanaithe i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha (Cúnamh Éireann), an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Ag tacú le taighde, líonrú agus comhoibriú chun cur le feasacht agus le tuiscint an phobail ar cheisteanna amhail athrú aeráide, ocras, éagothroime dhomhanda agus éagóir. Leanfaidh na gradaim sin ar feadh dhá mhí dhéag agus beidh uasluach de €10,000 orthu.

Beidh gradam amháin tiomnaithe don oideachas um Shaoránacht Dhomhanda agus um Fhorbairt Inbhuanaithe san earnáil a bhaineann le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ).

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin

IRC: <https://research.ie/funding/new-foundations/>

---



## **5. Foghlaim agus Cúram an Luath-Óige – Deontais um Fhuinneamh Glas agus Iarfheistiú**

D'fhógair an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Roderic O’Gorman, leithdháileadh de €9 milliún i maoiniú deontais do 141 seirbhís um fhoghlaim agus cúram na luath-óige faoi Bhlocanna Tógála – Deontais Feabhsúcháin ar fud dhá shnáithe: Fuinneamh Glas agus Iarfheistiú.

Tá deontais á gcur ar fáil d'fheabhsúcháin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, ag úsáid fuinneamh in-athnuaite nuair is féidir, amhail grianphainéil agus teaschaidéil a shuiteáil, insliú agus bearta chun uisce a chaomhnú. Tacóidh snáithe an iarfeistithe lehoibreacha uasghrádaithe lena n-áirítear cistineacha agus athchóiriú, saoráidí sláintíochta a uasghrádú, deisiú/ athsholáthar dín agus urláir.

Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: [gov.ie](http://gov.ie) - [Fógraíonn an tAire O’Gorman maoiniú caipitil de €9 milliún do sheirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige a bheidh “níos glaise agus níos teolaí” \(www.gov.ie\)](http://gov.ie)

---



Council of the  
European Union

## **6. An Chomhairle Eorpach – an t-eolas is deireanaí**

Tabhair do d'aire, le do thoil, gur foilsíodh *Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna agus Inniúlachtaí don Aistriú Glas* inniu san Iris Oifigiúil.

Is féidir le toscaireachtaí teacht ar na leaganacha sna teangacha go léir leis an nasc thíos:

[https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ%3AJOC\\_2023\\_095\\_R\\_0003&qid=1678781674840](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ%3AJOC_2023_095_R_0003&qid=1678781674840)

### **Pobal Cleachtais GreenComp**

Seoladh Pobal Cleachtais GreenComp ar an 22 Márta. Tugann sé le chéile daoine aonair agus eagraíochtaí atá ag obair ar inniúlachtaí inbhuanaitheachta agus tógann sé ar [GreenComp](#), an creat Eorpach um inniúlacht inbhuanaitheachta. Tá an taifeadadh ar an imeacht seo ar fáil [anseo](#) agus tá an clárúchán chun ballraíocht a ghlacadh sa phobal [oscailte](#).


### **Oideachas múinteoirí don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe**

Tá [tuarascáil nua](#) ar oideachas múinteoirí don aistriú glas díreach foilsithe ag líonra taighde an Choimisiúin [EENEE](#). Déanann an tuarascáil, a scríobh Daniella Tilbur agus Ingrid Mula, athbhreithniú ar thaighde agus ar dhea-

chleachtas i dtaca le hoideachas éifeachtach múinteoirí don inbhuanaitheacht ag céim na réamhsheirbhíse agus na hinseirbhíse. Tá sí á forlíonadh ag [cnuasach de chás-staidéir](#) ina léirítear cuir chuige rathúla maidir le hinbhuanaitheacht in oideachas múinteoirí le 30 bliain anuas chomh maith le [hachóimre beartais](#) ina dtugtar breac-chuntas ar mholtaí do lucht déanta beartais maidir leis an mbealach chun inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bhfoghlaím ghairmiúil múinteoirí.

---

### **7. 3 Ghníomh Shimplí – SFI3 Dea-Shláinte agus Folláine**



7. Más féidir leat, bí níos gníomhaí agus téigh ag siúl nó ag rothaíocht
  8. Bíodh codladh maith agat san oíche agus ith bia sláintiúil
  9. Cuir am i leataobh duit féin, do do chairde agus do do chlann
-



## **Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council**

### **8. OFI i gContae Dhún na nGall – Tionscnamh Píolótach um Mol Glas i mBaile Dhún na nGall.**

Seolann Micheál Naughton, Leas-chathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall Mol Glas Bhaile Dhún na nGall agus an-suim á léiriú ag gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla ann.

Seoladh tionscadal píolótach um Mol Glas Bhaile Dhún na nGall ar an Máirt, an 28 Feabhra in Óstán na Mainistreach i mBaile Dhún na nGall. Tá an tionscadal seo á threorú ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhar le hOifigí Pleanála na Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha agus tacaíocht aige ón Oifig Fiontair Áitiúil, BOO Dhún na nGall, Comhlachas Pobail Bhaile Dhún na nGall agus Grúpa Fócais Gnó Bhaile Dhún na nGall. Bhí ionadaíocht ó 30 gnólacht agus eagraíocht ag an seoladh agus suim dhochreidte acu i bhfoghlaím faoi ghníomhartha inbhuanaitheachta do ghnólachtaí. De bharr na tacaíochta ó BOO Dhún na nGall tá Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall, an tIonad Breisoideachais agus Oiliúna, Drom Chliabh, Baile Dhún na nGall, Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) BOO Dhún na nGall, Ard Scoil na gCeithre Máistir Sráid Thír Chonaill., Baile Dhún na nGall ar fad páirteach sa tionscnamh.

Tá an Tionscadal Píolótach um Mol Glas dírithe ar ghnólachtaí agus eagraíochtaí a spreagadh chun dea-chleachtais i dtaca le bainistiú dramhaíola a fheidhmiú, go háirithe sna réimsí a bhaineann le deighilt agus

athchúrsáil dramhaíola. Faoi láthair, d'fhéadfaí 70% den ábhar a fhaightear in araidí bruscair tráchtála a atreorú chuig sruthanna na dramhaíola bia agus athchúrsála. Táthar ag súil go léireoidh an tionscadal píolótach gur féidir na figiúirí sin a laghdú go mór le cleachtais níos fearr san ionad oibre agus ní hamháin go méadóidh sé sin na rátaí athchúrsála ach chomh maith leis sin tacóidh sé le haistriú na hÉireann chuig Geilleagar Ciorclach.

Tá an tionscadal seo á sholáthar ag na hOifigí Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha agus á mhaoiniú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhartha ar son na hAeráide agus Comhshaoil.





## **9. OFI i gContae Bhaile Átha Cliath – Féile Scannánaíochta um Athghrá don Fhaisean agus don Bhruscar**

### **Athghrá don Fhaisean ag an Ionad Athaimsithe**

*"Tráth dá raibh, bhí dhá shéasúr faisin ann: Earrach/Samhradh agus Fómhar/Geimhreadh. Téigh ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann agus tá tionscal an fhaisin ag caitheamh amach 52 "mionséasúr" in aghaidh na bliana. De bhrí go bhfuil treochtaí nua ag teacht amach gach seachtain, tá sé mar sprioc ag an mearfhaisean iallach a chur ar thomhaltóirí an líon is mó ball éadaigh is féidir a cheannach, chomh tapa agus is féidir. Mar gheall ar an ró-thomhaltas sin agus úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní, tá tionscal an fhaisin ar cheann de na tionscail is mó ar domhan a dhéanann dochar don timpeallacht agus é freagrach as méid suntasach d'astuithe carbóin, úsáid uisce, truailliú, chomh maith le ceistanna iomadúla a bhaineann le cúrsaí sóisialta agus cearta oibrithe. Ionas gur féidir linn ár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe do 2030 a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach*



*cleachtais faisin inbhuanaithe a chur chun cinn agus oideachas a chur ar dhaoine óga ionas gur féidir leo forbairt mar chinnteoirí nuálacha agusfeasacha.*

*Tá an tIonad Athaimsithe, an tIonad Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach in Éirinn ar thús cadhnaíochta sa ghluaiseacht seo, ag tacú le maireachtáil inbhuanaithe, ag cur cleachtais ísealcharbóin níos glaise chun cinn agus ag spreagadh na foghlama ar feadh an tsaoil. Tugaimid na scileanna agus an saineolas atá ag ealaíontóirí, eolaithe, dearthóirí agus ceardaithe le chéile agus an inbhuanaitheacht mar chuspóir comhchoiteann acu. Táimid lonnaithe in éiceashaoráid shaincheaptha agus tá Ionad cuairteoirí ilghnéitheach agus fiontair shóisialta uathúla á bhfeidhmiú againn a thugann tacaíocht do na gníomhartha atá de dhíth chun an geilleagar ciorclach a bhaint amach agus a tharraingíonn aird orthu. Ina measc sin tá réimse de chláir oideachais agus taighde, siopa, caifé agus ceithre cinn de cheardlanna: Athaimsigh Troscán, Athaimsigh Faisean, Athaimsigh Péint, agus Athaimsigh Rothaíocht. Soláthraíonn ár gceardlanna oiliúint agus cúrsaí a bhaineann le hathúsáid, deisiú, éifeachtúlacht acmhainní agus maireachtáil ísealcharbóin, agus úsáidimid ábhair nach bhfuil ag teastáil chun táirgí nua a fhorbairt agus a dhearadh.*

*Tá an comórtas dar teideal Athghrá don Fhaisean ar cheann de na tionscadail is mó le rá atá againn, comórtas faisin inbhuanaithe a forbraíodh in éineacht le húdaráis áitiúla Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre. Tugann an comórtas dúshlán scoláirí meánscoile chun iniúchadh a dhéanamh ar roghanna cruthaitheacha athúsáide amhail uaschúrsáil, deisiú, athrú agus cóiriú, á spreagadh chun iniúchadh géar a dhéanamh ar an mbealach a ndéantar a gcuid éadaí. Chun cur isteach ar an gcomórtas, ní mór do scoláirí a scileanna maidir le dearadh cruthaitheach a úsáid chun feisteas inbhuanaithe, in-nite agus inchaite a chruthú agus úsáid á baint acu as éadach a fuarthas ó shiopa carthanachta, siopa babhtála nó earraí*

*athúsáidte atá ar fáil sa bhaile cheana féin. De bhrí go dtugtar deis do scoláirí a gcruthaitheacht a chur ar taispeáint agus iad ag cur cleachtais faisin inbhuanaithe chun cinn, spreagann an comórtas an t-aistriú chuig geilleagar atá níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe.*

*Gach bliain, cuireann cruthaitheacht, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht na n-iarratasóirí an-ionadh orainn. As 22 duine a bhí sa bhabhta ceannais i mbliana, roghnaíodh seisear buaiteoirí do na catagóirí seo a leanas: An tÉadach Neamhfhoirmiúil is Fearr, an tÉadach Tráthnóna is Fearr, An Táilliúireacht is Fearr, An Taighde is Fearr, an tÉadach is Nuálaí, an Buaiteoir Foriomlán. Bhain na daoine a bhí sa bhabhta ceannais athearraíocht as fabraic as jions, carbhait, cuiríní agus foinsí nuálacha eile chun a gcuid dearaí a chruthú.*

*Osclófar an comórtas Athghrá don Fhaisean 2023/24 i gcomhair iarratas i mí Mheán Fómhair 2023, má tá aithne agat ar dhaoine óga ar bith ar suim leo iniúchadh a dhéanamh ar a dtaobh cruthaitheach trí athúsáid, cuir ar aghaidh iad!"*

Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar [www.relovetofashion.ie](http://www.relovetofashion.ie)

### **Féile Scannán Dramhaíola Chathair Bhaile Átha Cliath.**

Ar an 17 Aibreán, rinneadh an bronnadh tionscnaimh d'Fhéile Scannán Dramhaíola Chathair Bhaile Átha Cliath a shruthú beo ar líne.

Tionscnamh Éireannach is ea an Fhéile Scannán Dramhaíola, atá ina hochtú bliain anois, a sholáthraíonn deis thar a bheith uathúil do dhaoine óga a mbuanna cruthaitheacha a chur ar taispeáint, feasacht a mhúscailt maidir le ceisteanna comhshaoil amhail Gníomhú ar son na hAeráide agus scileanna nua digiteacha maidir leis an scéalaíocht a fhorbairt. Féadfaidh scoláirí

idirbhliana ó mheánscoileanna a bhfuil cuireadh faighte acu freastal ar an gceardlann, atá á maoiniú ag a gcomhairle contae, agus ansin a scannán a iontráil ag an bhféile.

I mbliana, ghlac scoileanna i mBaile Átha Cliath páirt san fhéile den chéad uair, a tugadh isteach ar scála náisiúnta agus 52 scoil as sé cinn de chontaetha ag glacadh páirte. Cruthaíodh 28 físeán san iomlán agus bhí 15 mheánscoil as Cathair Bhaile Átha Cliath páirteach ann!

Rinne grúpa de dháréag scoláirí ionadaíocht do gach scoil a bhí páirteach ann. Thairg [Createschool](#) dianseisiún dhá lá ar an suíomh ag a scoil chun cabhrú leis na foirne sin a gcuid scileanna scannánaíochta a shealbhú nó a fheabhsú. Le linn an chláir, chruthaigh siad a scannán nó a scannáin thapa féin, a mhair NÓIMÉAD AMHÁIN chun feacht a mhúscailt i measc a bpiaraí maidir le ceisteanna inbhuanaitheachta agus comhshaoil.

Cuid de na ceardlanna is ea smaoineamh ar choincheapa, scrípteanna a chruthú, cleachtadh, scannánaíocht, léiriú agus eagarthóireacht. Tá saoirse iomlán ealaíne ag scoláirí i dtaca lena gcuid oibre. Cruthaítear na scannáin agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí digiteacha móibíleacha. Ansin, chuir na daoine óga a gcuid físeán agus póstaer a dhear siad dá scannán i láthair painéal moltóirí ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Fuair na scoláirí go léir Teastas dá bPunann Idirbhliana agus rinne an tIonad Athaimsithe i mBaile Munna na gradaim a shaincheapadh do na hiontrálacha a bhuaigh agus a tháinig sa dara háit.

Tá buaiteoirí na ngradam iontráilte anois sna Gradaim don chéad Fhéile Scannán Dramhaíola Náisiúnta a bheidh ar siúl in Ionad Ealaíon an Ghrianstad i gContae na Mí ar an 3 Bealtaine.

Is iad seo a leanas Buaiteoirí na nGradam ag Féile Scannán Dramhaíola Mheánscoileanna Chathair Bhaile Átha Cliath..

1. The Bottle, scannán a léirigh Coláiste Loreto i bhFaiche Stiabhna.
2. Is é Coláiste Pobail Bhóthar an Chlochair bhur rogha don dara háit.  
Trashbusters, Meánscoil Naomh Muire, Glas Naíon, An Póstaer is Fearr

Is féidir leat teacht ar na hiontrálacha a bhuaigh chomh maith le breis eolais faoin bhféile ag [www.RubbishFilmFestival.com](http://www.RubbishFilmFestival.com). Is iad na contaetha eile a ghlac páirt in 2022/23 ná Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cill Dara, an Mhí, Cill Mhantáin agus Loch Garman.



### **10. Uaschúrsáil ag ETSS Mhullach Íde Phort Mearnóg**

Le bliain anuas tá scoláirí na Teicneolaíochta Feidhmí ag Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Mhullach Íde Phort Mearnóg ag uaschúrsáil ábhair ina n-


obair thionscadail

Ag tús na bliana, fuair an scoil cláir bhána nua a raibh mórán fuíollábhair pacáistithe orthu nuair a tháinig siad. B'fhurasta an fuíollábhar cairtchláir a athchúrsáil, ach bhí stáplaí sna frámaí adhmaid a bhí timpeall ar na cláir bhána agus dá bhrí sin níorbh fhéidir iad a athchúrsáil.

Chun nach rachadh an t-adhmad isteach i líonadh talún agus chun geilleagar níos ciorclaí a chur chun cinn, tá na frámaí adhmaid sin á n-úsáid ag scoláirí chun a gcuid tionscadal féin a thógáil. Go dtí seo i mbliana tá cloig agus báid cruthaithe ag na scoláirí agus úsáid á baint acu as an adhmad seo agus faoi láthair tá siad ag obair ar thionscadal lampa a thabharfaidh suas go dtí deireadh na bliana iad. Seo éacht den scoth mar go gciallaíonn sé nach raibh ar an scoil adhmad ar bith a cheannach le linn na bliana acadúla seo agus go ndearnadh an fuíollábhar go léir ó na cláir bhána a athchúrsáil nó a uaschúrsáil agus ar an mbealach sin gur seachnaíodh an líonadh talún.

Cé go mbeidh an t-adhmad ó na cláir bhána ídithe, fuair an Roinn Teicneolaíochta doirse a bhí á gcaitheamh amach as séipéal agus úsáidfear iad sin in obair thionscadail na scoláirí an bhliain seo chugainn. Leanfaidh an Roinn Teicneolaíochta agus a cuid scoláirí orthu ag cuardach níos mó fuíollábhair ar féidir é a uaschúrsáil mar nach bhfuil siad ag iarraidh go rachadh ábhar luachmhar isteach i líonadh talún.

**Nóta ón eagarthóir:** Tá dearbhán €500 One-For-ALL buaite ag ETSS Mhullach Íde Phort Mearnóg le cur i dtreo thionscadail OFI as ucht a n-ionchuir i eagrán mhí na Bealtaine de Nuachtlitir OFI. Comhghairdeas!





## 11. Filíocht ag Scoil Náisiúnta Mhuire Bainrion na nAspal, Cluain

### Dolcáin

*“Nuair atá leanaí á dteagasc faoi ghéarchéim na haeráide, is minic a leagtar béim ar an eolas eolaíoch maidir le téamh domhanda a thabhairt dóibh. D’fhéadfadh sé sin cur as do leanaí agus go gceapfaidís nach raibh rud a bith a d’fhéadfaidís a dhéanamh agus bagairtí eiseacha sa mhullach orthu. D’fhéadfaí a cheapadh go bhfuil sé dúshlánach agus achrannach a chur ina luí ar leanaí go bhfuil gá le gníomh a dhéanamh.*

*Le cúig bliana anuas, bhain daltaí ó Scoil Náisiúnta Mhuire na nAspal i gCluain Dolcáin úsáid as meán na filíochta chun a n-ímní agus a bhfearg a léiriú faoi scrios leithleach an Domhain. Chuir an mhodheolaíocht chruthaitheach seo ar chumas na leanaí a gcuid mothúchán a léiriú agus iad ag iarraidh gnímh ag an am céanna. Is bealach é inar féidir leo a gcuid faitís agus a gcuid ímní a choimriú agus a chuimsiú ar bhealaí uathúla agus láidre. Chabhraigh na dánta a scríobh na leanaí leo chun cur lena gcuid eolais féin ar a bhfuil ag tarlú sa domhan ach níos tábhachtaí fós b’fhéidir chun tacú le gníomh ar son na haeráide”.*

Bí cothrom le daoine eile Agus bí comhionann i gcónaí. Bí cothrom leis an domhan!	Tá an Domhan bocht. Tá an Domhan ag screadach agus ag caoineadh ag iarraidh cabhrach.
---	---

<p>Is gá dúinn é a bhith inbhuanaithe!  Mar níl an domhan in ann é a sheasamh má  Thógann tú na breoslaí iontaise go léir  Bhí mise, tusa agus an Domhan comhionann i gcónaí.  Ní chaitear le formhór na ndaoine mar dhaoine.  NÍL AON DOMHAN EILE AG  TEACHT I nDIAIDH AN DOMHAIN  SEO!!</p>	<p>Ach plúchann sotal agus leisciúlacht mhuintir uile an Domhain a chuid screadaí.  Tá an Domhan bocht, tá a chuid nithe luachmhara go léir tógtha againn uaidh.  Gan leisce ar bith.  Tá a fhiadhúlra ag imeacht in éag.  Tá a chuid farraigí tachtá ag plaisteach.  Tá a dhóthain fulaingthe ag an domhan!  Éist lena bhúir!</p>
---	--

**Nóta ón eagarthóir:** Tá dearbhán €500 One-For-ALL buaite ag Scoil Náisiúnta Mhuire Bannrion na nAspal le cur i dtreo thionscadail OFI as ucht a n-ionchuir in eagrán mhí na Bealtaine de Nuachtlitir OFI. Comhghairdeas!



## **12. Píoc-chairde ag Scoil Náisiúnta Naomh Pól, Ros Comáin**

*“Ghlac leanaí ón dara rang i Scoil Náisiúnta Naomh Pól, an Caisleán Riabhach, Contae Ros Comáin páirt go bródúil i dtionscadal Píoc-chaide na*



*bliana seo. Fuaireamar amach gur chuir sé go mór lenár Scoileanna Glasa agus lenár gcuraclam OSIE agus gur eispéireas thar a bheith taitneamhach a bhí ann do na leanaí.*

*Tá an clárúchán an-simplí agus tá an paca a fuarthas daite, eolasach agus spráúil. Thaitin sé go mór leis na leanaí gléasadh i veisteanna sofheicthe agus feacht a mhúscailt go háitiúil ar an ngníomh simplí a bhaineann le bruscar a ghlanadh ónár dtimpeallacht. Bhí iomaíocht shláintiúil ann chun an méid ba mhó bruscair a bhailiú agus fiú tuismitheoirí agus siblíní páirteach inár n-uainchlár "Píoc-Chairde". Tharraingíomar aird ar cheist an bhruscair ar ár leathanach facebook agus sna nuachtáin áitiúla.*

*Bhí an t-aiseolas an-dearfach. Molaimid go mór na seimineáir ghréasáin, na físeáin, an comórtas agus an t-amhrán a ghabhann leis an tionscadal. An bhliain seo chugainn, tá súil againn go dtabharfaidh duine de na láithreoirí ó thionscadal na "bPíoc-Chairde" cuairt orainn. Míle buíochas le gach duine a bhí páirteach sa tionscadal."*

**Nóta ón eagarthóir:** Tá dearbhán €500 One-For-ALL buaite ag Scoil Náisiúnta Naomh Pól le cur i dtreo thionscadail OFI as ucht a n-ionchuir i eagrán mhí na Bealtaine de Nuachtlitir OFI. Comhghairdeas!





## **12. Cur Fál Sceach ag Pobalscoil Chionn tSáile**

*"Bhí Rogha Inbhuanaitheachta na hIdirbhliana ag Pobalscoil Chionn tSáile dírithe ar théama na bithéagsúlachta i mbliana. Ghlac an grúpa páirt i gclár Eolaíochta Saoránaigh den scoth a bhí á éascú ag Wild Work. Le linn an chláir, tugadh na scoláirí amach chuig gnáthóga éagsúla chun speicis pailneoirí éagsúla, feithidí agus crainn a shainithint. Ina dhiaidh sin, spreagadh na scoláirí chun leanúint d'obair na bliana seo caite ag feabhsú agus ag cur le bithéagsúlacht na scoile agus shocraigh siad crainn bhreise a chur ar an gcampas.*

*Aimsíodh suíomh oiriúnach le hais fáil ar champas na scoile agus thosaigh na scoláirí ag déanamh taighde ar speicis dhúchasacha de chrainn fál sceach agus conas iad a chur. Thomhais siad an suíomh chun an spásáil a ríomh agus líon na gcrann a bheadh ag teastáil.*

*Le linn Sheachtain Ghlas bhliantúil na scoile i mí an Mhárta, reáchtáladh dhá lá de chur crann. Tar éis dóibh a fhoghlaim conas crainn fhréamhloma a chur ar an gcéad lá, d'úsáid scoláirí na hidirbhliana a gcuid taithí chun a bheith ina bpiar-oideoirí agus iad ag taispeáint do ranganna OSSP sa chéad agus sa dara bliain conas é a dhéanamh agus maidin Luain a bhí fuar agus*

*grianmhar i mí an Mhárta cuireadh tuairim is 70 crann. Tar éis iad a chur, rinneadh na crainn a mhótú le píosaí cairtchláir chun nach bhfásfadh salachar agus féar timpeall orthu.*

*Tá fáлта sceach thar a bheith tábhachtach don bhithéagsúlacht mar go gcuireann siad bia agus gnáthóga ar fáil do phailneoirí, éin agus mamaigh bheaga. Gach bliain in Éirinn, scriostar suas le 3,000 Km d'fhálta sceach. Mar sin, is deis iontach atá i gcur na bhfálta sceach chun cur i gcoinne an chailteanais sin. Tá sé tairbheach freisin don fhoghlaim phraiticiúil lasmuigh, don obair foirne agus chun scoláirí a chumasú mar go gcabhraíonn sé leo tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leo gníomhú ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta. Faoi láthair tá thart ar 130 speiceas de chrainn dhúchasacha san fhál sceach nuachurtha: meascán de sceach gheal, draighean, coll, cuileann, trom, caor chon, crann fia-úll, feoras, caorthann agus donnroisc agus roghnaíodh iad go léir mar gheall ar a dtairbhe don bhithéagsúlacht."*

**Nóta ón eagarthóir:** Tá dearbhán €500 One-For-ALL buaite ag Pobalscoil Chionn tSáile le cur i dtreo thionscadail OFI as ucht a n-ionchuir i eagrán mhí na Bealtaine de Nuachtlitir OFI. Comhghairdeas!



#### **14. ECO-EOECNA – Gradaim Comhshaolaí Óg 2023**

Is é ECO-EOECNA an eagraíocht óige is mó le rá in Éirinn maidir le hoideachas comhshaoil. Le breis agus 35 bliain anuas, tá cláir um oideachas comhshaoil ar ardchaighdeán agus acmhainní á gcur ar fáil againn do dhaoine óga i scoileanna, do ghrúpaí óige agus do ghrúpaí pobail ar fud na hÉireann.

Tá sé mar fhís againn nósanna maireachtála inbhuanaithe a chur chun cinn tríd an oideachas agus trí fheasacht. Tá sé mar aidhm againn é sin a bhaint amach trí chlár agus acmhainní ar ardchaighdeán a sholáthar a spreagann daoine óga idir 10 agus 25 bliain d'aois chun freagracht a ghlacadh as an gcomhshaol agus saol atá sláintiúil agus inbhuanaithe a chaitheamh.

Is é an príomhchlár atá againn ná an Clár um Ghradaim Comhshaoil Óg (YEA). Bunaíodh an clár sin in 1999 mar chuid den Líonra Idirnáisiúnta Oideoirí Comhshaoil (INEE) de chuid EOECA/ECO-EOECA agus tá breis agus 50,000 duine óg spreagtha aige chun gníomh comhshaoil a dhéanamh go dtí seo. Tá sé mar chuspóir ag an tionscnamh seo daoine óga as gach áit ar oileán na hÉireann a spreagadh chun gníomhartha dearfacha comhshaoil a dhéanamh trí pháirt a ghlacadh i ngníomhartha a bhaineann le ceisteanna forbartha inbhuanaithe amhail athrú aeráide, bithéagsúlacht, caomhnú fuinnimh, nó caomhnú uisce.

Tá sé mar aidhm ag na gradaim an tábhacht a bhaineann le feasacht agus gníomh comhshaoil a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm acu freisin feasacht daoine óga ar an gcomhshaol a mhéadú, iad a spreagadh chun gníomhartha dearfacha a dhéanamh, a bhféinmheas a chothú agus a gcumas mar cheannairí laistigh dá scoileanna agus dá bpobail a fhorbairt.

Is féidir le gach duine óg idir 10 agus 18 mbliana d'aois cur isteach ar na gradaim. Tugann clár YEA deis do gach duine óg in Éirinn a bheith mar 'Chomhshaoil Óg' ach páirt a ghlacadh i réimse de ghníomhartha dearfacha ar son an chomhshaoil le linn na bliana.

Spreagaimid rannpháirtithe ó réimse suíomhanna lena n-áirítear scoileanna, grúpaí óige agus grúpaí pobail in aoisghrúpaí éagsúla, ó Shárshóisir (10-12), Sóisir (12-14) agus Sinsir (15-18).

Tugtar ECO Dens ar na babhtáí leathcheannais de chomórtas YEA, áit a

roghnaítear 150 grúpa ó áiteanna ar fud na tíre chun a gcuid tionscadal comhshaoil a chur i láthair painéal saineolaithe ag imeachtaí amhail Dragons Den, lena n-áirítear ionadaithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Oideachais agus an Roinn Comhshaoil. Bíonn ceithre bhabhta de ECO Dens ar siúl le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin, agus imeachtaí ar siúl i gCúige Laighean, i gCúige Mumhan, i gCúige Chonnacht agus i gCúige Uladh.

I mbliana, tá dhá imeacht ECO Dens á n-óstáil nó óstáilte againn ar fud na hÉireann. Scoláirí atá Eolach ar an Aeráid ó scoileanna ar fud na hÉireann, lena n-áirítear Meánscoil Chaisleán Dhroimeanaigh, Meánscoil Naomh Seosamh, an Ros agus Coláiste Marino, agus tionscadail acu atá dírithe ar réimse saincheistanna amhail fuíollábhar, athrú aeráide, bithéagsúlacht agus beathra muirí. Bunaithe ar chur i láthair na ndaoine óga os comhair an phainéil moltóireachta, cuirfear rogha díobh siúd atá sa bhabhta leathcheannais ar ghearrliosta chun dul ar aghaidh chuig an imeacht sárthaispeántais deiridh a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath ag deireadh mhí na Bealtaine.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Elaine Nevin, Stiúrthóir Náisiúnta /ECO-EOECNA: ‘Seo an 23ú bliain de Ghradaim Comhshaoil Óg agus gach bliain is mór an t-ardú croí agus an spreagadh a thugann sé caighdeán na dtionscadal gnímh a fheiceáil ag ardú an t-am ar fad, chomh maith le díograis agus cruthaitheacht na ndaoine óga. Tá daoine óga an-tugtha do cheistanna comhshaoil agus tá siad thar a bheith gafa le gníomhú ar son na haeráide agus spreagtha chun gníomh a dhéanamh.

‘Is bealach iontach iad na Gradaim chun gur féidir le daoine óga a gcuid fuinnimh a dhíriú ar smaointe agus ar réitigh chruthaitheacha chun dul i ngleic le saincheistanna comhshaoil agus tá an-áthas orainn ardán a sholáthar dóibh chun é sin a dhéanamh. Bhí na cuir i láthair os comhair na



moltóirí mar chuid de ECO-Dens go hiontach – mar sin beidh sé deacair ar an bpainéal an gearrliosta a roghnú. Ba cheart go mbeadh na rannpháirtithe go léir thar a bheith bródúil as a gcuid oibre agus tá súil agam go leanfaidh siad orthu ag comhoibriú linn agus lena chéile chun gníomh dearfach a dhéanamh ar son an chomhshaoil.

Chun tuilleadh eolais a fháil nó más mian leat a bheith páirteach, déan teagmháil, le do thoil, le [info@ecounesco.ie](mailto:info@ecounesco.ie) nó cuir glaoch orainn ag 01 6625491.



### **15. Sárthaispeántas Ghradam BTYSTE Chúnamh Éireann/Self-Help Africa um Eolaíocht don Fhorbairt**

D'óstáil an tAire Stáit don Fhorbairt Idirnáisiúnta agus don Diaspóra ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Sean Fleming, an Sárthaispeántas um Eolaíocht don Fhorbairt i dTeach Uíbh Eachach ar an 22 Márta 2023. Roghnaíodh aon



cheann déag d'aireagáin a d'fhéadfaí a úsáid sa Domhan Theas as Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT (BTYSTE) na bliana seo. Tá an Gradam um Eolaíocht don Fhorbairt ag BTYSTE á eagrú ag Cúnamh Éireann i gcomhar le Self Help Africa ó 2006 i leith.

Ba iad Vedh Kannan agus Will Carkner ó Scoil Pháirc Chill Fhiontain buaiteoirí na bliana seo. Chruthaigh siad gléas diagnóiseach iniompartha ar féidir leis galair amhail maláire agus leicéime a dhiagnóisiú. Is féidir leis an ngléas sampla fola a thástáil do ghalair agus cruinneas 94% a bheith sna torthaí. An rud is tábhachtaí ar fad ná nach bhfuil gá le dochtúir chun é a riar agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé rochtain ar thástáil a mhéadú i dtíortha ar ioncam íseal. Faigheann na buaiteoirí trófaí buan agus sparánacht de €7,000 do na scoláirí agus dá múinteoir chun taisteal chuig tír san Afraic ar chuairt bailithe eolais/tástála allamuigh.

I measc na dtionscadal eile a bhí ar taispeáint bhí tuirbín gaoithe eiceabhách a chruthaigh Sara O'Beirne ó Choláiste Pobail Mhaothla i gContae Liatroma agus a úsáideann adhmaid in ionad snáithínghloine chun fuinneamh a ghiniúint. Rinne Jasper Ryan, Seán Brennan agus Shreyash Shukla as Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain iniúchadh ar úsáid a bhaint as an saighdiúir cuile dubh mar fhoinsé phróitéin a bheadh eiceabhách. Rinne Oscar Green ó Choláiste Pobail Chionn tSáile i gCorcaigh iniúchadh ar úsáid a bhaint as an bhfuinneamh cinéiteach a ghintear nuair a shiúlann daoine ar halla scoile chun cumhacht a sholáthar don scoil.

Ag an taispeántas, bhuail na scoláirí le gairmithe cabhrach agus le hacadóirí chun a gcuid tionscadal agus a bpleananna don toadhchá a phlé. Ina measc siúd a bhí i láthair, bhí an Dr Tony Scott, comhbhunaitheoir BTYSTE. Rachaidh na buaiteoirí chuig tír chomhpháirtíochta Chúnamh Éireann san fhómhar, in éineacht le buaiteoirí 2021 agus 2022, nach raibh ar a gcumas taisteal de bharr shrianta Covid.



## **16. Fondúireacht Síochána GOI - Comórtas Idirnáisiúnta Aistí do Dhaoine Óga**

Tá aon Comórtas Idirnáisiúnta Aistí oscailte do dhaoine óga suas go dtí 25 bliain d'aois agus tá sé á eagrú ag Fondúireacht Síochána Goi. Is gníomhaíocht é atá laistigh de Chreat EOECA do OFI.

Is é Téama na hAiste ná “Todhchaí Shíochánta á Cruthú ag an Óige” – cén chuma a fheiceann tusa ar an tsíocháin? Conas is féidir le daoine óga oibriú le chéile, ag úsáid tuairimí agus cuir chuige chruthaitheacha chun todhchaí shíochánta a bhaint amach?

An chéad duais – Teastas, duais de 100,000 yen (tuairim is €693), agus

bronntanas

An dara duais – Teastas, duais de 50,000 yen (tuairim is €347), agus bronntanas

An tríú duais – Teastas agus bronntanas  
25 Lua Onórach – Teastas agus bronntanas

Is é an dáta deiridh ná an 15 Meitheamh 2023.

Tá tuilleadh sonraí agus conas cur isteach air ar fáil  
anseo: <https://www.goipeace.or.jp/en/work/essay-contest/>



## **17. Seoladh Shuíomh Gréasáin na Saoránachta Domhanda do Scoileanna**

Ar an Luan, an 10 Aibreán ag Comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann (INTO) '23 sheol Dorothy McGinley, Uachtarán Nuacheaptha an INTO ár Suíomh Gréasáin na Saoránachta Domhanda do Scoileanna go hoifigiúil.

Ina ráiteas luaigh sí an gá atá le cúnamh a thabhairt do scoláirí chun páirt ghníomhach a ghlacadh chun a bheith ina Saoránaigh Dhomhanda. Thagair sí do na ceachtanna SFI a d'úsáid sí ina scoil féin agus conas is féidir leis an suíomh gréasáin sin a bheith mar stór do phleananna maithe ceachta, gníomhartha scoile, tacaíochtaí do mhúinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tuilleadh. Táimid ag moladh do gach duine cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin [www.GlobalCitizenshipSchool.ie](http://www.GlobalCitizenshipSchool.ie) chun a fheiceáil conas a d'fhéadfadh na hacmhainní feidhmiú go háitiúil i do soil féin. Táimid ag iarraidh ar mhúinteoirí freisin ceachtanna nó samplaí den dea-chleachtas a sheoladh chugainn ar féidir linn iad a roinnt go forleathan. Ag amanna éagsúla le linn na bliana déanaimid teagmháil lenár síntiúsóirí chun iad a chur ar an eolas faoi ghníomhartha a d'fhéadfaidís a dhéanamh lena gcuid scoláirí / ranganna agus tugtar tacaíocht do na gníomhartha sin le hacmhainní agus ceachtanna suntasacha.

Is féidir leat a bheith i do shíntiúsóir má chliceálann tú [anseo](http://anseo) agus teagmháil a dhéanamh le Scoileanna Saoránachta Domhanda ar [info@globalcitizenshipschool.ie](mailto:info@globalcitizenshipschool.ie)

---



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

## **18. An Roinn Oideachais Mapáil FGL**

Tá beart mapála coimisiúnaithe ag an Roinn do FGL a bhaineann le OFI do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá súil againn, mar thoradh air seo, go mbeidh liosta cuimsitheach ann den FGL go léir atá ar fáil i réimse OFI agus go gcuirfidh sé bonn eolais faoi ghníomhartha amach anseo maidir le tionscnaimh um fhorbairt acmhainní – atá mar réimse tosaíochta faoi straitéis OFI go dtí 2030. Cuirfear sonraí breise ar fáil in eagráin de

Nuachtlitir OFI amach anseo nuair a bheidh an obair seo curtha i gcrích.

---



### **19. FGL Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann - Bithéagsúlacht i bPlaicíní**

Déanaimis athnascadh leis an dúlra agus níos mó á fhoghlaim againn faoin bhfiadhúlra timpeall orainn agus é sin á thabhairt ar ais chuig ár seomraí ranga againn ina dhiaidh sin. Bíonn deacrachtaí ag mórán scoláirí agus daoine fásta, bláthanna fiáine coitianta, crainn, éin agus mamaigh a shainaitint. Táimid ag iarraidh aghaidh a thabhairt air sin. Nuair a fhoghlaimíonn tú focal nua, tosaíonn tú á fheiceáil i ngach áit. Tá súil againn nuair a fhoghlaimíonn na scoláirí ainmneacha na nithe beo sin go bhfeicfidh siad iad agus go mbeidh beagán níos mó tuisceana acu orthu.

Táimid ag teacht le chéile ar an Luan gach seachtain ag 4pm ar feadh 15 nóiméad. Cuirfimid sraith acmhainní ar fáil duit ar speiceas amháin. Planda, mamach, feithid nó éan b'fhéidir. Tabharfar cuireadh duit do rang/ranganna a theagasc faoin ní beo sin uair sa tseachtain. Ag deireadh gach téarma beidh tráth na gceist spraiúil á reáchtáil againn.

Is féidir leat clárú anseo: [https://eekildare-  
ie.zoom.us/meeting/register/tJlkdeCvpjsrE9RSUBTBe\\_YUZWq8wKoDmFBe](https://eekildare-<br/>ie.zoom.us/meeting/register/tJlkdeCvpjsrE9RSUBTBe_YUZWq8wKoDmFBe)

---



## **20. SSM - ETI(E)M sa tSraith Shóisearach**

An fhís atá ann do ETI(E)M sa tSraith Shóisearach ná eispéiris shaibhre foghlama gairmiúla ETI(E)M a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag teacht leis na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr, ina mbeifear in ann freagairtí idirdhisciplíneacha a thabhairt ar na dúshlán shoचाíoचा i gcomhthéacsanna sainniúla d'ábhair agus traschuraclaim.

Mar chuid den tionscnamh ETI(E)M sa tSraith Shóisearach oibrímid le comhpháirtithe éagsúla chun ceardlanna roghnacha a fhorbairt a dhéanann suas ár **Sraith ETI(E)M sa tSraith Shóisearach Ar Líne**. Trí chomhoibriú a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe, cuirimid deiseanna ar fáil do mhúinteoirí chun dul i ngleic le heispéiris foghlama gairmiúla i réimsí lena n-áirítear an



Bhithéagsúlacht, Teacht Aniar na hAeráide, Cruthú agus Caomhnú Fuinnimh, an tUirbiú, Fás an Daonra agus an Nuálaíocht sa Taighde & Teicneolaíocht.

San áireamh sna comhpháirtithe leis an SSM sa tionscnamh seo do 2022/23, tá **ADAPT**, *Lárionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) le haghaidh Teicneolaíochta Inneachair Dhigitigh atá faoi Thionchar IS (Intleacht Shaorga)*; **AMBER**, *Ionad FEÉ um Ardábhair do Thaighde Bithinnealtóireachta*; **Amgen Biotech Experience**; **Cumann Zúnna agus Uisceadán na Breataine agus na hÉireann (BIAZA)**; **Confirm**, *Ionad Taighde de chuid FEÉ um dhéantúsaíocht SMART*; **CÚRAM**, *Ionad Taighde de chuid FEÉ um Fhearais Bhithleighis*; **Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**; **iCRAG**, *Ionad Taighde de chuid FEÉ um Gheo-eolaíochtaí Fheidhmeacha*; **The Rediscovery Centre** agus **Scoileanna Domhanda World Wise**.

In 2022/23, chuir an tsraith ar líne na ceardlanna seo a leanas ar fáil:

- *Chatbots* – Cad é, Conas agus Más féidir le *Chatbots* Cuidiú leis an Teagasc agus leis an gCumarsáid san Fhoghlaim? le ADAPT
- Línte Doiléire – An Intleacht Shaorga agus An Chruthaitheacht le Confirm
- Smaointeoireacht Dearaidh Inbhuanaithe le The Rediscovery Centre
- Teiripí á gCruthú le CÚRAM
- Ag Breathnú ar Phlaistigh le Amber
- Dífheidhmeacht Phleanáilte agus Aitheanta le Scoileanna Domhanda World Wise
- Na Daoine a Dhéanfaidh Comhrá sa Todhchaí le BIAZA
- Geo-eolaíocht san Fhaisean le iCRAG & GSI
- Ag Breathnú ar an gCruthaitheacht sa Smaointeoireacht Dearaidh le Cúplaí Digiteacha le Amgen Biotech Experience



Bhreachnaigh gach ceann de na naoi gceardlann ar an gcoincheap den chruthaitheacht, agus baineadh úsáid as lionsaí éagsúla chun féachaint ar cad is brí le ETIM. Tá acmhainní ó cheardlanna na bliana seo agus tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin SSM:

[https://jct.ie/leagangaeilge/home/home\\_ga](https://jct.ie/leagangaeilge/home/home_ga)

Tá ETI(E)M sa tSraith Shóisearach ina séú bliain anois. Tá acmhainní ónár imeachtaí roghnacha a bhí ann roimh seo ar fáil ón gcuid faoi na [Ceardlanna FGL](#) den [suíomh gréasáin ETI\(E\)M sa tSraith Shóisearach](#). Gheobhaidh múinteoirí acmhainní don seomra ranga agus ábhair tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith úsáideach nuair atá OFI á chomhtháthú isteach sa churaclam.



## **21. FGL – Scoileanna Glasa agus Scoileanna Domhanda**

Is cúis áthais d'fhoireann na Scoileanna glasa a gcúrsa oiliúna samraidh i bpearsa do mhúinteoirí atá ag teacht aníos, dar teideal “Scoileanna Glasa agus na Scoileanna Domhanda”, a chur chun cinn, a thabharfaidh tacaíocht

don OFI sa seomra ranga. Beidh an cúrsa á sheachadadh i bpearsa (aghaidh ar aghaidh) ón 3<sup>ú</sup> -7<sup>ú</sup> Iúil, 9.30am go 2.30pm gach lá.

Gach lá beifear ag díriú ar théama de chuid na Scoileanna Glasa, Sprioc Dhomhanda uileghabhálach agus modheolaíochtaí teagaisc nua chun teagasc a dhéanamh maidir le fadhbanna domhanda ar bhealach atá sothuigte do leanaí. Faoi dheireadh na seachtaine, beidh tú in ann naisc shoiléire a dhéanamh idir do chuid oibre maidir le clár na Scoileanna Glasa agus na Spriocanna Domhanda ar fad a bheidh agat.

- Dé Luain an 3<sup>ú</sup> Iúil: Téamaí Saoránachta Domhanda, Réamhrá maidir leis na Spriocanna Domhanda (SFIanna) agus SFI 4: Oideachas Cáilíochta
- Dé Máirt an 4<sup>ú</sup> Iúil: Bruscar agus Dramhaíl, Fuineamh agus SFI 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach
- Dé Céadaoin an 5<sup>ú</sup> Iúil: Taisteal agus Timpeallacht Mhuirí agus SFI 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
- Déardaoin an 6<sup>ú</sup> Iúil: Uisce agus SFI 14: An Saol Faoi Uisce
- Dé hAoine an 7<sup>ú</sup> Iúil: An Bhithéagsúlacht agus SFI 14: An Saol ar Thalamh

Tá an cúrsa lonnaithe i mBaile Átha Cliath, agus beidh turas éagsúil nó cuairt láithreáin gach lá. Is féidir leat clárú anseo. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh i dteagmháil le do thoil le

Claire [cmcdonald@eeu.antaisce.org](mailto:cmcdonald@eeu.antaisce.org) nó

Birgit [bodriscoll@eeu.antaisce.org](mailto:bodriscoll@eeu.antaisce.org)

An táille a bhaineann leis ná €75 (lón san áireamh) agus beidh tú i dteideal 3 lá EPV (saoire phearsanta bhreise).

Tá foireann na Scoileanna Glasa ag súil go mór le fáilte a chur romhat ar an gcúrsa spráíúil agus suimiúil seo!



## **22. Foghlaim Faoi Uisce – ón bhFóram Uisce**

Is é an Fóram Uisce an foras reachtúil náisiúnta a dhéanann ionadaíocht do na páirtithe leasmhara uile a bhfuil spéis acu i gcaighdeán dhobharlaigh na hÉireann. Tá sé mar aidhm againn ionchur na bpáirtithe leasmhara a neartú sa chinnteoireacht maidir le huisce mar shócmhainn náisiúnta bhunúsach. Tá sé mar aidhm ag acmhainní oideachais an Fhórait chun rochtain a chur ar fáil ar an eolas agus ar na hábhair is mó suas chun dáta do scoileanna chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh faoi cháilíocht uisce na hÉireann, bainistíocht uisce agus an acmhainn luachmhar seo a chosaint. Is é an Fóram Náisiúnta Uisce a d'ullmhaigh an acmhainn Foghlaim Faoi Uisce agus tá sé mar aidhm aici réamhrá suimiúil a chur ar fáil maidir leis an timthriall uisce agus na haibhneacha agus conas is féidi linn ar fad an t-uisce a chosaint dúinn féin agus do na créatúir bheo uile in 5 cheacht.

San áireamh sna hacmhainní tá 5 cheacht: Foghlaim faoin timthriall uisce, Foghlaim faoi abhantracha, Foghlaim faoi cháilíocht uisce, Foghlaim faoi sheirbhísí uisce, Foghlaim faoi cad is féidir leat a dhéanamh chun uisce a chosaint.

Is féidir leat teacht ar an acmhainn Foghlaim faoi Uisce

anseo: <https://thewaterforum.ie/resources-category/education-resources/>



### **23. ETIEM Chatalaíoch Inbhuanaithe de chuid Muinín – Acmhainní don IB (TY)**

**An bhfuil spéis agat in acmhainní teagaisc agus foghlama nua don Idirbhliain (IB)?**

Tá réimse d'aonaid IB agus micreamhodúil atá saor in aisce le húsáid ag ETIEM Chatalaíoch Inbhuanaithe de chuid Muinín (ECIM) ar fáil d'oideoirí le húsáid. Cliceáil [anseo](#) chun rochtain a dhéanamh ar ár gceachtanna a bhíonn ar siúl gach mí atá ag teacht le laethanta suntasacha, ar nós Lá an Domhain. Lenár gceachtanna a bhíonn ar siúl gach mí, faightear réamhléargas ar ár n-aonaid IB.

Is clár traschuraclaim í ETIEM Chatalaíoch Inbhuanaithe de chuid Muinín (ECIM) ina bhfuil raon d'Aonaid don Idirbhliain, ina measctar na scileanna

agus iniúlachtaí ó na healaíona isteach sna hábhair ETIM, agus fócas ar ghníomh inbhuanaithe.

Chun clárú don bhliain acadúil 2023/2024 nó chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le **Rebecca White** ag [rebecca.white@ucd.ie](mailto:rebecca.white@ucd.ie) nó tabhair cuairt ar ár [suíomh gréasáin](#).

Gheobhaidh oideoirí a bhaineann úsáid as ár n-acmhainní tacaíocht freisin trí ionduchtú, comhairliúchán tráthchláir agus pleanála, clinicí tacaíochta ar líne, agus FGL eile. Is féidir leat tuilleadh a léamh fúinn agus faoinár gcuid oibre inár nuachtlitir is déanaí [anseo](#).

Sampla dár n-acmhainní Idirbhliana atá ar fáil faoi láthair:

- **Ag Dul i nGleic le hAthrú Aeráide (Aonad IB Iomlán):** Cuireann sé seo foghlaimoírí ar an eolas faoi dhearadh cluichí i ndáiríre laistigh den chomhthéacs d'oiriúnú don aeráid ag baint úsáid as próisis réiteach fadhbanna chruthaitheacha agus chognaíocha, straitéiseacha agus praiticiúla.
- **Dramhaíl Phlaisteach Mhuirí (Aonad IB Iomlán):** Cur chuige um smaointeoireacht ar chórais chun táirge, seirbhís nó próiseas íosinmharthana a fhorbairt chun dul i ngleic leis an dramhaíl phlaisteach mhuirí.
- [Tá acmhainní eile ar fáil ach clárú a dhéanamh](#)

Ag teacht go luath / á bhforbairt d'eisiúint 2023/2024:

- **Síolú Inbhuanaithe (Aonaid IB):** Clár ceannasach bia a thacaíonn leis an tuiscint ar chórais bia áitiúla, ag fás, ag tóraíocht bia, gnéithe agus saincheistanna timpeallachta, bainistíocht agus cur i gcrích tionscadal.

- **Rogha Dearaí (Aonaid IB):** Foghlaim bunaithe ar thionscadail i bhforbairt pobail inbhuanaithe agus bainistíocht agus cur i gcrích tionscadal trí athearraíocht a bhaint as foirgnimh thréigthe.
- **Todhchaí na Fiontraíochta agus na Nuálaíochta – Paisean go Cuspóir (Aonaid IB):** Breathnóidh na haonaid seo ar an gcaoi a bhfuil obair ag athrú agus conas is féidir linn gairmeacha a fhorbairt bunaithe ar luachanna, spéiseanna agus paisin.
- **Todhchaí an Bhia – An Bithsféar mar Bhaile (Aonaid IB):** Breathnaíonn na haonaid seo ar nósanna san am a chuaigh thart agus nósanna faoi láthair i dtáirgeadh, dáileadh agus dramhaíl bia chun na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann ag an leibhéal áitiúil a idéú.
- **Todhchaí an Aigéin (Aonaid IB):** Tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann leis an aigéan agus an dea-chleachtas do shláinte an aigéin lena n-áirítear acmhainní tionscadal atá faoi threoir dearaidh iomláin.
- **Todhchaí an Spáis (Aonaid IB):** Cuireann na haonaid seo foghlaimeoirí ar an eolas faoin spáseolaíocht, teicneolaíocht, fisic agus tuiscintí dúchasacha tríd an bhfoghlaim bunaithe ar thionscadail.
- **Todhchaí an Fhaisin (Aonaid IB):** Breathnaíonn na haonaid seo ar fhaisean inbhuanaithe, dearadh mallfhaisin, dearadh ísealteicneolaíochta agus digiteach, agus cás-staidéir ina raibh tionscadal faoi threoir an fhoghlaimeora mar thoradh orthu.

Tá an tionscadal seo cómhaoinithe ag an Roinn Oideachais agus FEÉ faoi the Discovery Programme (€300k). Chun tuilleadh eolais a fháil féach: [ETIEM Chatalaíoch Inbhuanaithe de chuid Muinín](#)

---



## **24. Ceardlanna Fuinnimh do Scoileanna – Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**

**Ceardlanna a dhíríonn ar fhuinneamh agus ar an inbhuanaitheacht do dhaltaí ag leibhéal bunscoile agus ag leibhéal iar-bhunscoile agus cúrsaí FGL do mhúinteoirí**

Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ag spreagadh scoileanna agus múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna Ceardlanna Fuinnimh SEAI a chur in áirithe. Tá na ceardlanna seo saor in aisce do dhaltaí agus do mhúinteoirí agus breathnófar ar an topaic faoi fhuinneamh agus an inbhuanaitheacht ar bhealach spráúil agus suimiúil. Glacann na ceardlanna tuairim is 45-90 nóiméad agus tá siad ag teacht leis an gcuraclam atá ann faoi láthair.

De bharr an éilimh aird ar cheardlanna, tá liosta feithimh ón mbabhta deiridh d'áirithintí a bhí againn agus rachfar i dteagmháil leis na scoileanna sin go luath chun na ceardlanna a dheimhniú. Ach, is féidir leat tuilleadh a fhoghlaim faoi na roghanna uile atá ar fáil agus ceardlanna a chur in áirithe don téarma acadúil 2023-2024 ach an fhoirm áirithinte a líonadh isteach ar shuíomh gréasáin an SEAI [anseo](#). Tá ceardlanna éagsúla ar fáil do bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna agus cúrsaí FGL do mhúinteoirí. Tá

Íon teoranta áiteanna do théarma an tsamhraidh, 2023, mar sin molaimid go gcuireann tú do cheardlanna in áirithe a luaithe agus is féidir ionas nach gcaillfidh tú amach!

Faigh amach tuilleadh faoi acmhainní Oideachais an SEAI ag [Scoileanna | Fuinneamh Pobail | SEAI](#)

---



## **25. Cúrsa Samhraidh Ar Lín faoin Aeráid agus Inbhuanaitheacht - SFGM**

Cuirtear in iúl do mhúinteoirí bunscoile a bhfuil spéis acu ann go gcuirfidh *Teicneolaíocht san Oideachas de chuid an SFGM* a cúrsa samhraidh ar líne ar siúl a mhairfidh 20 uair an chloig agus atá saor in aisce, 'Tionscadail Ilmheán ar an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht' ón 3<sup>ú</sup>-20<sup>ú</sup> Iúil an samhradh seo. (Faoi réir faofa le haghaidh laethanta SPB.)

Tá an féinchlárú oscailte ón 3<sup>ú</sup> Bealtaine (10am) agus fanfaidh sé oscailte go dtí go líontar gach áit. [Sonraí iomlána anseo](#).

---





## **26. Earnáil an Ardoideachais – Líonra Réiteach um an Fhorbairt Inbhuanaithe (SDSN) de chuid na hÉireann**

Tá an chéad líonra uile-oileáin de chuid na hÉireann bunaithe ag Coláiste na Banríona, Béal Feirste agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) atá tiomanta chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) de chuid na Náisiún Aontaithe (NA) a chur i gcrích. Beidh [SDSN de chuid na hÉireann](#) ag obair leis na húdaráis áitiúla, na ENRanna, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus lucht déanta polasaithe chun leas a bhaint as an taighde is déanaí agus as an dea-chleachtas le réitigh a tháirgeadh do na SFlanna. Is é seo an chéad uair a d'fhorbair ollscoil i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn comhpháirtíocht chun cur chuige uile-oileáin a fhorbairt i dtreo spriocanna forbartha inbhuanaithe. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin líonra agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe aige, [anseo](#).

---

## **27. OFI san Ardoideachas – Seimineár Gréasáin Saor in Aisce**

**Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe OFI san Ardoideachas –  
Seimineár Gréasáin Saor in Aisce oscailte do chách**

**29 BEALTAINE 2023 11AM -1PM**

---

## [Nasc clárúcháin don Seimineár Gréasáin TUS](#)

Tá ábhar inní ann go forleathan maidir leis na modhanna lena ndéantar OFI a chur san áireamh sna curaclaim ollscoile. Tugtar an-aird ar an “cad” agus “conas” de straitéis den sórt sin, ó thaobh an struchtúir, na dteicnící, na n-uirlisí, agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil don OFI i ndisciplíní éagsúla (Tejedor, Sánchez-Carracedo and Segalàs, 2022). Tá sé mar aidhm ag Straitéis Náisiúnta na hÉireann faoin Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (2014-2020) a chinntiú go mbeidh ionchur ag ár gcóras oideachais san fhorbairt inbhuanaithe trí ‘scoláirí a ullmhú leis an eolas cuí (an ‘cad’), na príomh-mheonta agus na príomhscileanna (an ‘conas’) agus na luachanna (an ‘cén fáth’) a spreagfaidh iad agus a chuirfidh iad ar a gcumas i rith a saoil le bheith mar shaoránaigh ghníomhacha eolacha a ghníomhaíonn le haghaidh todhchaí níos inbhuanaithe (ROS, 2014: 3). Faoi 2030, tá sé mar aidhm aige a chinntiú go sealbhaíonn na scoláirí uile an t-eolas agus na scileanna atá ag teastáil chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun obair a dhéanamh leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach tríd an OFI (Na Náisiúin Aontaithe, 2015). Dá bhrí sin, tá OFI aitheanta ag leibhéal idirnáisiúnta, Eorpach agus Náisiúnta, mar ionchur riachtanach sna hiarrachtaí uile chun an 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) de chuid na NA a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm ag an seimineár gréasáin seo creat dearaidh curaclaim OFI a fhorbairt le haghaidh foirne acadúla chun an OFI a chur san áireamh ina gcuraclaim laistigh d’Institiúidí Ardoideachais na hÉireann. Cruthóidh sé creat dea-chleachtais freisin don OFI sna cláir ardoideachais uile in Éirinn atá ag teacht go soiléir leis an soláthar NTUTORR maidir le ‘creat curaclaim a fhorbairt don athrú digiteach ó bhonn, teacht aniar agus inbhuanaitheacht san ardoideachas’. Ar deireadh, cuirfidh sé deis iontach ar fáil chun comhoibriú a dhéanamh ar an dearadh tosaigh de na gnéithe OFI den chreat curaclaim NTUTORR.

I measc na n-eochairchainteoirí tá: An Dr Maria Kirrane (UCC), An Dr Cormac McMahon (TUD), An Dr John Scahill (ATU) agus Kayleigh-Ann Myles, Uasal (Inbhuanaitheacht Lawlers).

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le do thoil leis an Dr Noëlle O'Connor (TUS) - [noelle.oconnor@tus.ie](mailto:noelle.oconnor@tus.ie)



## **28. Comhdháil um Champas Sláintiúil an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA)**

Bhí an chéad chomhdháil náisiúnta um fholláine ‘*Ag Tacú leis an Rath trí Fholláine san Ardoideachas*’ a bhí eagraithe ag an HEA ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an 20<sup>ú</sup> Aibreán, 2023, agus is í Síle Seoige a bhí mar bhean an tí. Aidhm na hócáide ba ea béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfolláine i dtaca le misean an ardoideachais, lena n-áirítear na príomhásitheoirí ar nós an cheannaireacht, pleanáil straitéiseach agus cur chuige sa champas uile, agus fócas ar Mheabhairshláinte na Mac Léinn agus an Creat um Fhéinmharú a Chosc agus an Chairt agus Creat um Champas Sláintiúil.

D'fhreastail níos mó ná 100 ionadaí de chuid an HEI agus an HECA ar an ócáid, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach um Champas Sláintiúil (THEA, IUA, USI, An Roinn Sláinte, FSS, RBATNE) an Líonra um Champas Sláintiúil agus baill foirne agus mic léinn ag obair ar chúrsaí sláinte agus folláine. Cuireadh póstaer a chuir i láthair an obair iontach leanúnach atá ar siúl ar fud na hearnála ar taispeáint agus is féidir breathnú ar na 'Cás-Staidéir um Champas Sláintiúil' ina n-iomláine ar an leathanach gréasáin [Campas Sláintiúil](#).

Ina aitheasc tosaigh, luaigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, *'tá deis iontach againn an diail a chasadh agus tír a chruthú ina bhfuil an tsláinte agus an fholláine mar chroílár na gcéimithe agus na chéad ghlúnta eile a chuirimid ar fáil'*.

Bhí eochairchainteanna ón Ollamh Christiane Stock, Charité Universitätsmedizin Beirlín maidir le ***'Coinníollacha staidéir agus an mheabhairshláinte san ardoideachas sa Ghearmáin – Impleachtaí do thionscnaimh um champas sláintiúil*** agus ón Ollamh Margaret Barry, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, maidir le ***'Cur Chuige Leis an Meabhairshláinte a Chur Chun Cinn i dtreo na Folláine san Ardoideachas'*** -

Buaicphointe den lá ba ea seoladh an highlight of the day was the launching of the [Eurostudent 8 Irish Report](#) le Valerie Harvey, Ceannasaí na Meastóireachta ar Fheidhmíocht ag an HEA. Chuir Valerie sonraí i láthair maidir le meabhairshláinte agus folláine na mac léinn, na tosca i gcoitinne a mbíonn tionchar acu ar shláinte ina measc. Ar an lá freisin, seoladh an Tionscadal meabhairshláinte PCHEI ***'Sainaithe agus Freagar'*** a mhaoinigh an HEA a thugann tacaíocht do chur i bhfeidhm institiúidí ar an gCreat Náisiúnta um Meabhairshláinte agus um Fhéinmharú a Chosc.

Ba 'ócáid shláintiúil' í seo ina raibh sosanna chun síneadh a dhéanamh agus siúlóid éascaithe ag am lón, tugadh cuireadh do rannpháirtithe seasamh ag pointe ar bith i rith na gcur i láthair. An príomhthátal le baint aisti ba ea an tábhacht a bhaineann leis an gceannaireacht chun an clár oibre a bhogadh ar aghaidh ní díreach chun an fholláine a 'bholtáil ar' ghnó laethúil na n-institiúidí ach an fholláine a 'bhácáil isteach' i ghnó laethúil na n-institiúidí.



Ó chlé go deas: An tOll. Margaret Barry, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, An Dr Deirdre Quinn, HEA, Tim Conlon HEA, Bidy O'Neill RS, An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus an tAire Dlí agus Cirt, Simon Harris TD, Caroline Mahon, HEA



## **29. Bithéagsúlacht – An Tuarascáil Deiridh ó Thionól na Saoránach**


Foilsíodh an tuarascáil Deiridh ar an mBithéagsúlacht ó Thionól na Saoránach ar an 5 Aibreán. Rinneadh an tuarascáil a tháirgeadh mar thoradh ar sheacht gcinn de chruinnithe a bhí ag an Tionól ó mhí na Bealtaine 2022 go dtí deireadh mhí Eanáir i mbliana. Mar chríoch, d'aontaigh 99 ball an Tionóil ar 159 moladh. Ina measc sin tá 73 moladh ardleibhéal agus 86 gníomh agus tosaíocht a bhaineann go sonrach le hearnáil a bhfuil sé de chumas acu an gaol atá ag Éirinn leis an timpeallacht nádúrtha a athrú ó bhonn.

Baineann dhá ghníomh go sonrach le OFI:

*Tá ról lárnach ag leanaí agus ag daoine óga maidir lena chinntiú go ndéantar an comhshaol a chosaint. Ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta reatha ar an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – OFI go dtí 2030, ba cheart go leanfadh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Oideachais, an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an tSeirbhís (na Seirbhísí) Tacaíochta um Oideachas Múinteoirí ar aghaidh i mbun athchóiriú fóna ar an gcuraclam agus i mbun oideachas múinteoirí chun teagasc agus foghlaim maidir le bithéagsúlacht a chuimsiú go soiléir sna curaclaim don luath-óige, don bhunscolaíocht agus don iar-bhunscolaíocht.*

*Ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta reatha ar an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – OFI go dtí 2030, ba cheart go n-oibreodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus na gníomhaireachtaí ábhartha amhail an Chomhairle Náisiúnta Scileanna, na Fóraim Scileanna Réigiúnacha, an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, SOLAS etc., le soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais chun forbairt a dhéanamh ar líon níos mó de chlár bhreisoideachais agus ardoideachais a bhfuil rochtain éasca orthu agus ar oideachas printíseachta agus pobalbhunaithe a bhaineann le bithéagsúlacht agus eolaíochtaí comhshaoil.*

Tá an tuarascáil, lena n-áirítear na moltaí, ar fáil chun amharc uirthi anseo: [https://citizensassembly.ie/wp-content/uploads/Report-on-Biodiversity-Loss\\_mid-res.pdf](https://citizensassembly.ie/wp-content/uploads/Report-on-Biodiversity-Loss_mid-res.pdf)



### **30. Taighde – Ceardlanna maidir le Dícharbónú Modhanna - OÉ Gaillimh**

Is é an topaic a bhaineann le Dícharbónú Modhanna Taighde a bhí mar ábhar ag dhá cheardlann idirdhisciplíneacha (pearsanta/hibrideach agus ar

líne faoi seach) ar an 18 agus ar an 25 Samhain 2022, a d'eagraigh an Dr Ashley Cahillane agus an scoláire PhD Laoighseach Ní Choistealbha. Is é ba bhun leis na ceardlanna na plé idirdhisciplíneach a spreagadh maidir leis na dúshláin agus na féidearthachtaí a bhaineann le dícharbanú an taighde féin - idir thaisteal taighde, obair allamuigh, stóráil sonraí agus trealamh saotharlainne.

Reáchtáladh na ceardlanna in Ollscoil na Gaillimhe agus iad á n-óstáil ag Institiúid Moore um Thaighde sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta, Ionad Taighde um Anailísíocht Sonraí Insight SFI agus Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann. Mheall an cheardlann rannpháirtíocht ó thuairim is 40 taighdeoir as gach disciplín in Ollscoil na Gaillimhe agus ó ollscoileanna eile ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin (Ceanada, an Ghearmáin, Meiriceá Thuaidh agus an Ríocht Aontaithe).

Bhí deis ag na rannpháirtithe sna ceardlanna an bhainistíocht charbóin ina modheolaíochtaí taighde féin a phlé agus tuairimí a chur chun cinn faoin mbealach a bhféadfaí dícharbónú a dhéanamh ar an taighde atá ar siúl ina gcuid institiúidí féin. Mar shampla, chuimsigh an plé an gá atá le sruthanna maoinithe chun cuireadh a thabhairt do bhreithnithe faoin tionchar carbóin atá ag tionscadail taighde. Spreag cuir i láthair agus díospóireachtaí painéil, ina raibh réimse scoláirí agus saineolaithe ó na daonnachtaí agus na heolaíochtaí páirteach, comhráite na ceardlainne.

Tá réimse aschuir tagtha chun cinn as na ceardlanna, lena n-áirítear [blag ar Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann](#), [blag ar shuíomh gréasáin Institiúid Moore](#), agus [liosta praiticiúil de mholtaí beartais maidir le dícharbónú taighde inár n-ollscoileanna](#), ar féidir teacht air ar [shuíomh gréasáin Inbhuanaitheachta](#) Ollscoil na Gaillimhe. Ina theannta sin, is féidir féachaint ar thaifeadtaí de na ceardlanna ar [Chainéal YouTube Institiúid Moore](#).



Beidh an Dr Cahillane, Laoighseach Ní Choistealbha, agus Oifigeach Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe, Michelle O’Dowd, ag glacadh páirte i ndíospóireacht phainéil faoi dhícharbónú taighde ag [Comhdháil Aeráide Mháire Mhic Róibín](#), a bheidh ar siúl ón 5-7 Iúil i mBéal an Átha, Contae Mhaigh Eo, in Ionad Mháire Mhic Róibín.

---



### **31. Tuarascáil IPCC na Náisiún Aontaithe: Athrú Aeráide 2023**


I “mórtuarascáil ar thuarascálacha” de chuid na Náisiún Aontaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), tugtar breac-chuntas ar mhórán roghanna is féidir a ghlacadh anois, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus oiriúnú don athrú aeráide a bhfuil an duine mar chúis leis.

Díríonn an staidéar, “a eisíodh ar an 20 Márta 2023, i ndiaidh seisiúin den IPCC in Interlaken, a mhair ar feadh seachtaine, go mór ar na cailteanais agus ar na damáistí atá ag tarlú anois, agus a bhfuiltear ag súil go leanfaidh siad ar aghaidh sa todhchaí, agus iad ag bualadh na ndaoine agus na n-éiceachóras is leochailí go han-trom ar fad.

<https://www.ipcc.ch/report/ar6/syr/>

---

<https://www.ipcc.ch/report/sixth-assessment-report-cycle/>



## **32. Clár um Ghníomh Uisce - Na Náisiúin Aontaithe**

Tháinig deireadh le [Comhdháil Uisce na Náisiúin Aontaithe 2023](#) ar an Aoine an 24 Márta 2023 nuair a glacadh leis an [gClár um Ghníomh Uisce](#), plean gnímh

“an-tábhachtach” ina bhfuil beagnach 700 gealltanais chun “an leas coiteann domhanda is luachmhaire atá ag an gcine daonna” a chosaint.

*Béarla:* <https://news.un.org/en/story/2023/03/1135022>

Conas is féidir leat cabhrú? Seo samplaí ó threoir #WaterAction na NA.

- Déan do chuid eolais ar uisce a thástáil lenár dTráth na gCeist Kahoot! Féadfar sonraí faoi thráth na gceist a fháil [anseo](#).
- Cas as na gléasanna, na ríomhairí agus na teicneolaíochta eile nuair nach bhfuil siad á n-úsáid agat. Faoi láthair, tá 90 faoin gcéad de ghiniúint cumhachta dian ar uisce. Má chastar as fearais nuair nach bhfuil siad á n-úsáid ní gá an oiread fuinnimh a tháirgeadh.
- Bí corraithe faoin gceist. Scríobh chuig ionadaithe tofa faoi bhuiséid chun caomhnú uisce a fheabhsú sa bhaile agus i gcéin.
- Cruthaigh liosta gníomhartha. Roghnaigh agus roinn an méid a dhéanfaidh tú chun cuidiú le géarchéim an uisce agus na sláintíochta a réiteach, díreach [anseo](#)
- Bí ar an eolas. Déan iniúchadh ar ghéarchéim an uisce agus na sláintíochta, léigh [scéalta spreagúla](#) ó áiteanna ar fud an domhain, léigh leabhar ón liosta molta i [gClub Leabhar SFI](#), agus lean do nuacht áitiúil ar cheisteanna a bhaineann le soláthar uisce agus seiceáil [SFI 6](#) ar líne nó ar na meáin shóisialta ag @GlobalGoalUN.
- Úsáid do ghuth ar na meáin shóisialta. Cuir le teachtaireachtaí a chuireann SFI 6 chun cinn, glac páirt in #WorldWaterDay chun díospóireacht a chothú agus feasacht a mhúscailt, ar fáil [anseo](#). [www.worldwaterday.org/share](http://www.worldwaterday.org/share)

- Déan do chuid siopadóireachta go hinbhuanaithe. Is ionann an 10,000 lítear uisce a úsáidtear chun péire jions a tháirgeadh agus an méid a ólann an gnáthdhuine i imeacht deich mbliana.

Féach tuilleadh anseo: [Treoir an Duine Leisciúil do Spáráil Uisce - Forbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe](#)



### **32. Clár um Ghníomh Uisce - Na Náisiúin Aontaithe**

Tháinig deireadh le [Comhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe 2023](#) ar an Aoine an 24 Márta 2023 nuair a glacadh leis an [gClár um Ghníomh Uisce](#), plean gnímh “an-tábhachtach” ina bhfuil beagnach 700 gealltanas chun “an leas coiteann domhanda is luachmhaire atá ag an gcine daonna” a chosaint.

*Béarla:* <https://news.un.org/en/story/2023/03/1135022>

Conas is féidir leat cabhrú? Seo sampláil ó threoir #WaterAction na NA.

- Déan do chuid eolais ar uisce a thástáil lenár dTráth na gCeist Kahoot! Féadfar sonraí faoi thráth na gceist a fháil [anseo](#).

- Cas as na gléasanna, na ríomhairí agus na teicneolaíochta eile nuair nach bhfuil siad á n-úsáid agat. Faoi láthair, tá 90 faoin gcéad de ghiniúint cumhachta dian ar uisce. Má chastar as fearais nuair nach bhfuil siad á n-úsáid ní gá an oiread fuinnimh a tháirgeadh.
- Bí corraithe faoin gceist. Scríobh chuig ionadaithe tofa faoi bhuiséid chun caomhnú uisce a fheabhsú sa bhaile agus i gcéin.
- Cruthaigh liosta gníomhartha. Roghnaigh agus roinn an méid a dhéanfaidh tú chun cuidiú le géarchéim an uisce agus na sláintíochta a réiteach, díreach [anseo](#)
- Bí ar an eolas. Déan iniúchadh ar ghéarchéim an uisce agus na sláintíochta, léigh [scéalta spreagúla](#) ó áiteanna ar fud an domhain, léigh leabhar ón liosta molta i [gClub Leabhar SFI](#), agus lean do nuacht áitiúil ar cheisteanna a bhaineann le soláthar uisce agus seiceáil [SFI 6](#) ar líne nó ar na meáin shóisialta ag @GlobalGoalUN.
- Úsáid do ghuth ar na meáin shóisialta. Cuir le teachtaireachtaí a chuireann SFI 6 chun cinn, glac páirt in #WorldWaterDay chun díospóireacht a chothú agus feachtas a mhúscailt, ar fáil [anseo](#). [www.worldwaterday.org/share](http://www.worldwaterday.org/share)
- Déan do chuid siopadóireachta go hinbhuanaithe. Is ionann an 10,000 lítear uisce a úsáidtear chun péire jions a tháirgeadh agus an méid a ólann an gnáthdhuine i imeacht deich mbliana.

Féach tuilleadh anseo: [Treoir an Duine Leisciúil do Spáráil Uisce - Forbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe](#)

---



### **34. Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht**

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta do *Cineáltas* ar an 10 Aibreán 2023. Tá an Plean Forfheidhmithe tiomanta do gach ceann den 61 beart atá in *Cineáltas* a fhorfheidhmiú laistigh de thréimhse cúig bliana.

Foilsíodh *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* ar an 1 Nollaig 2022. Is é *Cineáltas* cur chuige oideachais uile na Roinne Oideachais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna.

Tá *Cineáltas* dírithe ar bhulaíocht, cibearbhulaíocht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht maidir le féiniúlacht inscne agus ciapadh gnéasach, i measc réimsí eile, a chosc agus dul i ngleic leo i scoileanna.

Tá sé dírithe ar chur chuige atá bunaithe ar chearta an linbh agus soláthraíonn sé fíis chomhchoiteann agus treochlár soiléir maidir leis an mbealach ar féidir le pobal uile an oideachais agus leis an tsochaí oibriú i gcomhar chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.

Tá Grúpa Forfheidhmithe agus Measúnachta á bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na mbeart agus ar fhoilsiú na dtuarascálacha bliantúla ar fhorfheidhmiú agus ar mheasúnacht a gcuirfidh aiseolas ó leanaí agus ó dhaoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, comhpháirtithe oideachais, príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí ábhartha bonn eolais fúthu.

Tá grúpa comhairleach don óige á bhunú chun tacú le forfheidhmiú *Cineáltas* agus beidh ról tábhachtach aige maidir lena chinntiú go gcuirfear na bearta seo go léir i bhfeidhm go rathúil.

Tá tús curtha cheana féin le forfheidmiú na mbeart in *Cineáltas*:

- Bhunaigh an Roinn Aonad um Rannpháirtíocht Scoláirí le déanaí, a chuirfidh rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga chun cinn i dtaca le forbairt pholasaí na Roinne agus é ag tógáil ar an obair atá ar siúl cheana féin aici sa réimse sin.
- Tá sainghrúpa bunaithe chun comhairle a chur ar an Roinn faoin mbealach is fearr is féidir leis an Aonad um Rannpháirtíocht Scoláirí a chuid oibre a chur chun cinn. Déanfaidh an tOllamh Laura Lundy, Ollamh le Dlí an Oideachais agus le Cearta Leanaí in Ollscoil na Banríona agus a d'fhorbair Samhail Lundy maidir le rannpháirtíocht leanaí cathaoirleacht ar an Sainghrúpa seo.
- Tá an obair a bhaineann le nósanna imeachta bulaíochta do scoileanna a uasdátú faoi lán seoil agus tá Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus oiliúint á bhforbairt do na baill foirne go léir i scoileanna, do bhaill na mBord Bainistíochta agus do thuismitheoirí
- Tá €5 mhilliún á infheistiú i gclár píolótach de thacaíochtaí comhairleoireachta do scoláirí bunscoile. Tacóidh sé sin leis an obair an-dearfach atá ar siúl cheana féin i réimse na folláine i scoileanna. Tá sonraí an chláir á dtabhairt chun críche faoi láthair

Tá an Roinn ag tnúth le hoibriú leis an bpobal oideachais uile chun cur leis an obair atá déanta cheana féin lena chinntiú go gcoinnítear na leanaí agus na daoine óga go léir atá ag freastal ar ár scoileanna saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár leanaí agus ár ndaoine óga chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn

---



### **35. Malartú Cártáí Poist Aeráide 2023**

Bhí an dara babhta den mhalartú cártáí poist cruthaitheacha ar siúl idir mí Dheireadh Fómhair agus mí an Mhárta 2023 agus bhí an téama 'Athrú Aeráide' chun tosaigh sna gníomhaíochtaí go léir. Ghlac scoláirí ó scoileanna ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe páirt ann agus chruthaigh siad saothair ealaíne chun a gcuid tuairimí a léiriú go físiúil i dtaca le hinbhuanaitheacht, ceartas aeráide, dífhoraioisiú agus tionchair ar an bhfiadhúlra.

Thug an tacaíocht agus an maoiniú a chuir an Chomhairle Bhriotanach in Éirinn agus Ambasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath ar fáil seans do Fergal Kilkenny, Múinteoir Ealaíne as Meánscoil Naomh Louis, Dún Dealgan, deiseanna um rannpháirtíocht sheachtrach a thairiscint ar an suíomh agus ar líne do scoileanna agus an líonra a leathnú ó 26 go dtí 37 scoil. Earcaíodh scoileanna nua trí na meáin shóisialta agus chuathas i dteagmháil le comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe trí eagraíochtaí ionadaíochta amhail NSEAD agus INSEA.

Ó tharla go raibh an oiread sin achair idir na scoileanna rannpháirteacha, cinneadh roinnt deiseanna ar líne a thairiscint chun a bheith rannpháirteach in ábhar a bhain le haeráid. Is mar sheimineár gréasáin a chuir Dánlann Náisiúnta na hÉireann iad sin ar fáil don líonra agus iad bunaithe ar 'Turner: Taispeántas The Sun is God', agus ceardlann ar Ghníomhú ar son na hAeráide a bhí á éascú ar líne ar an Ionad Athaimsithe (ionad don gheilleagar ciorclach i mBaile Átha Cliath). Thug siad sin chomh maith le



hidirghníomhaíochtaí fisiceacha deis do na scoláirí rannpháirteacha foghlaim a dhéanamh, a bheith cruthaitheach agus bualadh le rannpháirtithe eile sa tionscadal.

Cuireadh na taispeántais de shaothar na scoláirí, tuairim is 760 cárta poist, ar taispeáint in Ambasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath. D'oscail Ambasadóir na Breataine, Paul Johnston, an taispeántas agus d'fhreastail Ryan Tubridy air mar aoi speisialta. Bhí na scoláirí a ghlac páirt sa saothar cruthaitheach seo agus a gcuid múinteoirí ábalta a saothar a fheiceáil taobh amuigh den seomra ranga, i sárthaispeántas iontach dá dtallanna cruthaitheacha.

Tugadh an taispeántas chuig an Ríocht Aontaithe ansin agus cuireadh ar taispeáint é i Scoil Ghramadaí Leicester.

Is mian le Fergal Kilkenny buíochas a ghlacadh le hAmbasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath agus leis an gComhairle Bhriotanach in Éirinn as a gcuid tacaíochta don tionscnamh seo - gan iad ní fhéadfaí tionscadal den chineál sin agus an rannpháirtíocht ghaolmhar a chur i gcrích.

Faigh tuilleadh eolais faoin tionscnamh anseo: [Climate Postcards | British Council](#)

---



### **36. Scéim Leabharlann na Rothar Saor in Aisce – An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

D'éirigh chomh maith sin le Scéim Leabharlann na Rothar Saor in Aisce i Scoil Ag Foghlaim le Chéile Chrois Araild go bhfuil sí [á cur ar fáil do 20 scoil eile](#) ar fud Bhaile Átha Cliath!

Chun an scéim a fheidhmiú ceadáítear do thuismitheoirí rothair leictreacha, rothair lasta den chuid is mó, a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse suas le trí mhí ag an am mar mhalairt ar thurais ghluaisteáin chuig an scoil agus ar ais.

Tá sí ag feidhmiú i scoil Ag Foghlaim le Chéile Chrois Araild ó thús na scoilbhliana i mí Mheán Fómhair agus ó shin i leith tá an scoil “saor ó ghluaisteáin nach mór – tá na tuismitheoirí go léir ag tabhairt a gcuid leanaí ar scoil ar rothair nó ag siúl leo”.

Roghnaíodh an scoil mar gheall ar fhadhbanna móra ar maidin mar go bhfuil an bóthar taobh amuigh caol agus go dtarlaíonn tranglam tráchtá go tapa ann.

Cuirfear 10 scoil leis an scéim roimh an samhradh agus 20 scoil eile san fhómhar. Tabharfar rogha rothar do gach scoil agus beidh siad ar fáil saor in aisce do thuismitheoirí. Má éiríonn leis an scéim sna scoileanna sin, leathnófar ar fud na tíre í an bhliain seo chugainn.

Cosnóidh an tionscnamh tuairim is €500,000 agus tá sé á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.



### **37. Clubanna Glasa CLG - Ag Tacú le Forbairt Inbhuanaithe**

Tá ionadaithe ó Chlubanna CLG ar fud oileán na hÉireann tar éis glacadh le Céim 2 de Chlár Chlubanna Glasa CLG agus gealltanas tugtha acu go ndéanfar gníomh ina gclubanna agus ina bpobail féin chun cur i gcoinne athrú aeráide agus chun a dtimpeallacht nádúrtha a chosaint.

Soláthraíonn Clár Chlubanna Glasa CLG, atá á reáchtáil ó mhí Eanáir 2021, tacaíocht phraiticiúil agus treoir do chlubanna CLG chun feasacht a mhúscailt agus gníomhartha atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta a chur i bhfeidhm ina gclubanna agus ina bpobail. Tá an clár bunaithe ar stádas CLG mar chrann taca UNSDG do Spriocanna 3 - Dea-Shláinte agus Folláine, 4 – Oideachas Ardchaighdeán, 15 - An Bheatha ar an Talamh agus 17 - Comhpháirtíochtaí.

Le linn chéim phiolótach an chlár, chuir 40 Club Glas ceannródaíoch raon gníomhartha i bhfeidhm i réimsí a bhaineann le Fuinneamh, Uisce, Bithéagsúlacht, Taisteal agus Iompar chun inbhuanaitheacht a bpáirceanna agus a gcluichí a fheabhsú, chun go mbeadh a gcuid ball páirteach i ngníomh inbhuanaithe agus chun féachaint chuige go seasfaidh a gcuid páirceanna an aimsir in aghaidh na dtionchar a bheidh ag an athrú aeráide agus in aghaidh na ndúshlán a bhainfidh leis.

Tá clubanna amhail Bun Cranncha (Dún na nGall). Áth Mheáin-Ceapach Choinn (Port Láirge), CLG Mhainistir na Corann (Corcaigh), Béal Átha Chomair (Uíbh Fhailí), Páirc -Raithín an Uisce (Laois), agus Droichead an Chláirín (Gaillimh) tar éis gníomhartha glasa, idir bheag agus mhór, a dhéanamh. Ina measc sin tá babhtáil fearais, buidéal phlaisteacha aonúsáide a chosc, tionscadail um athchóiriú bruach abhann, uasghrádú fuinnimh ar pháirceanna agus ar chlubthithe, cur crann, bealaí siúil atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus cláir um rothaíocht shábháilte a reáchtáil. Bhí Seamróga an Mhuilinn Chearr mar chlub ceannródaíoch don tionscadal, a d'fhorbair bealach siúil Bithéagsúlachta thart timpeall ar a bpáirc imeartha le hais bhruacha na Brosnaí, trí cheannaireacht a nOifigigh um Chlub

Sláintiúil, Joan Crawford Ormsby. Tá gach duine ag tabhairt na bhforbairtí faoi deara mar go bhfuil glactha ag Seamróga an Mhuilinn Chearr le tábhacht na bithéagsúlachta. Ní haon ionadh go bhfuil sé tugtha faoi deara ag earnáil an oideachais.

“I gceann de na bunscoileanna, atá tuairim is 200 méadar ón láthair, tá a gcuid múinteoirí ag teacht anuas, ag úsáid an bhealaigh siúil don staidéar dúlra”, arsa Crawford Ormsby.

“Thug Scoil Náisiúnta Naomh Colmán na leanáí anuas do shiúl dúlra agus tóraíocht taisce. Tá mórán úsáidí eile don bhealach siúil seo, is don phobal é, ní do phobal na gcluichí Gaelacha amháin.

“Tá cláir atá an-mhaith ar siúl san Idirbhliain i gColáiste Mhuire, an Muileann gCearr agus tá súil againn Céim a Dó dár dtionscadal do na Bailte Slachtmhara a dhéanamh an bhliain seo chugainn. Tá súil againn nascadh le scoláirí na hIdirbhliana agus leis an ngrúpa gníomhaíochta lucht scoir 1428 anseo sa Mhuileann gCearr.

“Táimid ag iarraidh tabhairt faoi thionscnaimh atá báúil leis an mbithéagsúlacht le gnólachtaí áitiúla agus leis an ngrúpa gníomhaíochta lucht scoir. Táimid ag iarraidh na grúpaí sin a nascadh leis na bunscoileanna áitiúla.”

Tá breis agus 200 club cláraithe chun páirt a ghlacadh sa chéad chéim eile de Chlár na gClubanna Glasa agus gealltanas 18 mí tugtha acu. Mar thoradh air sin, bunóidh gach club Foireann Ghlas, déanfaidh siad plean gnímh inbhuanaitheachta a fhorbairt agus glacfaidh siad le cairt do Chlub Glas sula bhfaighidh siad teastas mar Chlub Glas oifigiúil de chuid CLG.

Spreagtar clubanna chun Foireann Ghlas a chur le chéile agus duine óg a

bheith mar bhall de, rud a thacaíonn le naisc leis an gcóras oideachais foirmiúil agus go háirithe Clár Idirbhliana CLG/SFGM um Cheannairí don.

